CUAILLE


gaeilge



SAMHAIN 2026

Clár

Teachtaireacht ó Uachtarán CLG, Iarlaith Ó Broin	3
Teachtaireacht ó Chathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge, Áine Uí Choinn	4
Do Threibh, Do Chontae	5
Luimneach ar ais agus gorta Mhaigh Eo thart	6
Na Gaiscígh: Tomás Ó Sé Cumann Caide na Gaeltachta agus Ciarraí	8
Corn Shomhairle Mhig Uidhir – Cérbh é Somhairle Mag Uidhir?	9
10 gCeist Sciobthaí Ort – Craobhchomórtais 2026	11
Na Conallaigh ag ceiliúradh tar éis Chomórtas Peile na Gaeltachta 2026	13
Ar bhóithrín na smaointe – Cláirínigh ‘95	14
Comhairle ó Ambasadóir Gaeilge CLG cibé Gaeilge atá agat a úsáid	15
Na Gaiscígh: Brian Whelahan – Biorra agus Uíbh Fhailí	18
Corn Liam Mhic Cárthaigh	20
Aimsigh na curaidh seo a leanas!	23
Scór na nÓg 2026 ag gabháil i ndéine	24
GAAgaeilge Go Games 2026	27
Crosfhocal	28
Camchuairt na nAmhrán	29
Rath Leanúnach ar Scéim ‘Gaeilge sa Chlub’	30
Freagraí	33



Teachtaireacht Ó Uachtaráin

A chairde,

Cúis mhór áthais dom fáilte a chur romhaibh uilig chuig an eagrán is déanaí seo de 'Cuaille' – iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Is gné fhíorthábhachtach í an Ghaeilge d'obair an Chumainn agus is rud í atá an-ghar do mo chroí féin mar is eol daoibh.

Bhí bliain den scoth againn ar an pháirc imeartha sna craobhchomórtais éagsúla a bhí againn agus ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Luimneach agus le Maigh Eo a bhuaigh Cluichí Ceannais na hÉireann i mbliana.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh, fosta, le Cill Mhantáin a bhuaigh Craobhchomórtas Chorn Tailteann agus leis an Longfort, le Nua-Eabhrac, le Doire agus le Laois – seaimpíní Chraobhchomórtais Uí Mheachair, Mhic Riocaird, Uí Rinn agus Mhic Dhonncha.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh, fosta, leis na curaidh chúige, Gaillimh agus Luimneach san iomáint, agus mo chontae féin, Ard Mhacha, Ros Comáin, Ciarraí agus an Iarmhí sa pheil. Chuir siad uilig go mór le craobhchomórtais na bliana seo.

San eagrán is déanaí seo de 'Cuaille', gheobhaidh sibh míreanna ar laochra na gcontaetha seo, crosfhocal, ceisteanna Thráth na gCeist, gné-ailt, fíricí suimiúla agus go leor eile.

Tugann rudaí ar nós na hirise seo deis dúinn an Ghaeilge a shníomh isteach go nádúrtha inár gcuid cluichí agus inár gcuid gníomhaíochtaí. Tá nasc láidir idir ár gcluichí agus an Ghaeilge agus tá an t-ádh orainn mar Chumann go bhfuil an Ghaeilge ag an oiread ball agus imreoirí agus atá.

Ná déanaimis dearmad go dtig linn coinneáil suas chun dáta leis an nuacht is déanaí i dtaca leis na cluichí agus imeachtaí eile de chuid an Chumainn ar rannóg Ghaeilge Shuíomh Idirlín Chumann Lúthchleas Gael, áit a bhfuil neart acmhainní agus tacaíochtaí Gaeilge le fáil go furast, fosta.

Tá súil agam go mbainfidh sibh sult as an eagrán seo de Chuaille.

Labhraímis í agus mairfidh sí!

Beirigí bua agus beannacht,

Iarlaith Ó Broin
Uachtarán
Chumann Lúthchleas Gael



Teachtaireacht ó Áine Uí Choinn

A chairde,

Thar ceann Choiste Náisiúnta na Gaeilge ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh uilig chuig an eagrán seo de Chuaille. Tá súil agam go mbainfidh sibh sult agus tairbhe as na míreanna éagsúla atá in eagrán na ráithe seo.

Tharla go leor ó bhí an t-eagrán deireanach de Chuaille ann. Seoladh podchraoladh nua Chumann Lúthchleas Gael, CLG: Gluaiseacht á cur ar bun, agus is cinnte go raibh an acmhainn seo ina chuidiú mór ní hamháin ag lucht na hArdteistiméireachta ach ag daoine a bhfuil suim acu i gcúrsaí staire na tíre seo, fosta.

D'fhág muid slán le hAmbasadóir na Gaeilge 2025, Fergal Whitely, i mí Aibreáin seo caite agus chuir muid fáilte roimh Ambasadóir Gaeilge, Sean Ó Maoilchiaráin. Tá ag éirí go hiontach le Seán ina ról ó shin.

Bhí Go Games Gaeilge ar siúl i bPáirc an Chrócaigh, fosta, áit a dtáinig na céadta imreoir óg le chéile ó cheantair Ghaeltachta agus ó chlubanna lán-Ghaeilge.

Bhí Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl i gCill Chartha i nGaeltacht Thír Chonaill agus bhí deireadh seachtaine peile agus comhluadair den scoth ann.

Sna míonna amach romhainn tá muid ag dúil go mór le Leabhrán Téarmaí na gCluichí Gaelacha a sheoladh agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do bhaill Choiste Náisiúnta na Gaeilge atá i mbun na hoibre seo le tamall anuas. Tá mé cinnte go beidh acmhainn fhíorluachmhar againn nuair a bheidh an obair mhór seo curtha dínn againn.

Tá an comórtas Thráth na gCeist buailte linn anois agus tá muid ag dúil go mór ach go háirithe leis na babhtaí cúige a bheidh ar siúl uaidh seo go ceann cúpla mí. Idir an dá linn, bainigí sult as an eagrán seo de Chuaille. Tá rud inteacht ann d'achan duine idir lucht an chúpla focal, lucht na Gaeilge briste agus lucht na Gaeilge cliste. Tá gné-ailt, nuacht, cuardach focal agus go leor eile le fáil in eagrán na ráithe seo.

Beirigí bua,

Áine Uí Choinn
Cathaoirleach, Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG

Do Threibh, Do Chontae



Cén uair dheireanach ar bhuaigh do chontae corn sinsear?

LAIGHIN

Áth Cliath – Craobh Peile Laighean 2024
An Mhí – Roinn 2 de Shraith Peile 2026
Cill Dara – Corn Tailteann 2025
Ceatharlach – Roinn 4 de Shraith Peile 2026
Lú – Craobh Peile Laighean 2025
CIll Mhantáin – Corn Tailteann 2026
Loch Garman – Corn an Bhreathnaigh 2024
Laois – Corn Sheosaimh Mhic Dhonncha 2026
Uíbh Fhailí – Sraith Peile Roinn 3 2025
An Longfort – Corn Labhraí Uí Mheachair 2026
An Iarmhí – Craobh Peile Laighean 2026
Cill Chainnigh – Sciath an Bhreathnaigh 2026

ULAIDH


Muineacháin – Craobh Peile Uladh 2015
An Cabhán – Roinn 3B de Sraith Iomána 2023
Dún na nGall – Roinn 1 de Shraith Peile 2026
An Dún – Roinn 3 de Shraith Peile 2026
Doire – Corn Chríostóir Uí Rinn 2026
Ard Mhacha – Craobh Peile Uladh 2026
Tír Eoghain – Corn Niocláis Mhic Riocaird 2022
Aontroim – Corn Sheosaimh Mhic Dhonncha 2022
Fear Manach – Corn Labhraí Uí Mheachair 2024

CONNACHTA

Gaillimh – Craobh Iomána Laighean 2026
Maigh Eo – Craobh Peile na hÉireann 2026
Ros Comáin – Craobh Peile Chonnacht 2026
Sligeach – Sraith Iomána Roinn 4 2026
Liatroim – Corn Labhraí Uí Mheachair 2019
Londain – Pláta Shraith FBD 2026
Nua-Eabhrac – Corn Niocláis Mhic Riocaird 2026

AN MHUMHAIN

Ciarraí – Craobh Peile na Mumhan 2026
Corcaigh – Craobh Iomána na Mumhan 2025
Luimneach – Craobh Iomána na hÉireann 2026
An Clár – Roinn 1B den tSraith Iomána 2026
Tiobraid Árann – Craobh Iomána na hÉireann 2025
Port Láirge – Sraith Iomána Roinn 1B 2025



Coirn Mhic Dhonncha, Uí Rinn, Mhic Riocaird agus Uí Mheachair

Luimneach ar ais agus gorta Mhaigh Eo thart

Le Jamie Ó Tuama

Céard is féidir linn a rá faoin scléip a bhí againn i gcraobhchomórtais idirchontae iomána agus peile na bliana seo? Na Luimnígh agus muintir Mhaigh Eo mar rogha na rogha agus beocht dhochreidte sna craobhchomórtais uile!

Tá Luimneach fós ag bláthú sa ré órga seo do na hiománaithe agus chuir Maigh Eo deireadh le 75 bliain de bhriseadh croí nuair a d'éirigh leo féin Corn Shomhairle Mhig Uidhir a thabhairt thar Sionainn tar éis craobhchomórtas peile den chéad scoth.

Fágann scléip an tsamhraidh go bhfuil foirne buacacha difriúla againn sa chraobh don tríú bliain i ndiaidh a chéile san iomáint agus don cheathrú bliain i ndiaidh a chéile sa pheil. Tá ré seo na peile agus na hiomána chomh hiomaíoch agus a bhí riamh.

Ag deireadh na bliana seo caite bhí foireann John Kiely in ísle brí, tar éis d'Áth Cliath luíochán a dhéanamh rompu. Bhailigh siad chucu féin, mar sin féin, agus bhí comharthaí soiléire ann ó thús na sraithe go mbeadh obair mhór le déanamh ag an bhfoireann a gheobhadh an ceann is fearr orthu.



Cian Lynch Luimneach



Gearóid Hegarty agus Diarmaid Byrnes tar éis do Luimneach Craobh Shinsear Iomána na hÉireann a buachan i mbliana

Chaill Luimneach an chéad chluiche a bhí acu i gCraobh na Mumhan nuair a fuair Corcaigh an ceann is fearr orthu le dhá chúilín. Níor chaill siad aon chluiche eile ina dhiaidh, mar sin féin. Bhí buanna acu ar an gClár, ar Phort Láirge agus ar Thiobraid Árann sna cluichí eile i gCraobh na Mumhan. D'fhág sin foireann John Kiely sa chluiche ceannais in aghaidh Chorcaí agus deis díoltas a bhaint amach ar a seanchairde.

Rinne siad amhlaidh, dar ndóigh, agus bhí an t-aon chúilín amháin le spáráil acu ar Chorcaigh sa chluiche ceannais. Bhí Craobh na Mumhan buaite ag Luimneach don 26ú huair.

Ina dhiaidh sin, ba in aghaidh an Chláir a bhí siad sa chluiche leathcheannais agus nuair a d'éirigh leo bua dhá chúilín a fháil ar a gcéilí comhraic sa chluiche sin bhí Gaillimh ag fanacht leo sa chluiche ceannais. Bhí Luimneach thar cionn an lá sin ag ba ag Cian Lynch a bhí an pléisiúr Corn Liam Mhic Cárthaigh a ardú thar ceann mhuintir Luimnigh tar éis dóibh buachan ar na Gaillimhigh le naoi gcúilín.

Maidir le Maigh Eo agus an rás le haghaidh Chorn Shomhairle Mhig Uidhir, níl aon amhras faoi ach go raibh fuinneamh agus díocas nua le feiceáil iontu faoi stiúir Andy Moran. Leis an stíl nua oscailte a d'imir Maigh Eo faoi Moran, tugadh deis iontach do leithéidí Kobe McDonald, Ryan O'Donoghue agus do Dharragh Beirne fíordhamáiste



Jack Coyne ag ardú Chorn Shomhairle Mhig Uldhir thar ceann mhuintir Mhaigh Eo

a dhéanamh ar chlár na scór de bharr an spás a bhí acu.

Bhí tús compordach ag Maigh Eo le Craobh Chonnacht nuair a fuair siad an ceann is fearr ar Londain sa chluiche ceathrú ceannais i Ruislip. Cé gur bhuaigh Ros Comáin orthu sa chluiche leathcheannais tháinig siad chucu féin ina dhiaidh sin agus ba léir go raibh siad ag bailiú nirt.

Chuaigh siad ar aghaidh chuig grúpaí cáilithe Chraobh na hÉireann ansin, áit a raibh bua aon chúilín amháin acu ar Mhuineachán i mBabhta 1. Ba in aghaidh Thír Eoghain a bhí siad i mBabhta 2A agus cé gur chaill siad leis an aon chúilín amháin bhí sé soiléir go rabh rud éicint ag forbairt iontu. Chuir siad fáilte roimh an Mí go Páirc Mhic Éil sa chéad chluiche eile a bhí acu agus cé go raibh siad píosa maith taobh thiar i lár na céad leithe, d'éirigh leo bua trí chúilín a fháil ar a gcéilí comhraic.

Is ó neart go neart a bhí Maigh Eo ag gabháil. Bhí bua cúig chúilín acu ar Chorcaí sa chluiche ceathrú ceannais agus bua 17 cúilín acu ar Lú sa chluiche leathcheannais. Bhí a n-áit deimhnithe acu i gCluiche Ceannais na hÉireann in aghaidh Chiarraí. Thug siad sárthaispeántas an lá sin lena gceathrú Craobh Peile Uile-Éireann a bhuachan agus an chéad cheann le 75 bliain. Bhí an briseadh croí thart!

Nuair a chuimhnítear siar ar bhliain iomána 2025, cuimhnítear ar aiséirí na Gaillimhe faoi stiúir Micheál Donoghue, ar ghaiscí agus ar iarrachtaí cróga Chill Dara ar laochra Luimnigh agus ar éachtaí Gearóid Hegarty, Diarmaid Byrnes agus Nickie Quaid i measc daoine eile.

Maidir le bliain peile 2026 is ar ghaiscí na hIarmhí is mó a chuimhnítear i gCraobh Laighean agus fíorbheocht sa chraobh sin an athuair. Cuimhnítear, freisin, ar na hUltaigh – laochra Ard Mhacha agus teacht aniar Mhuineacháin. I gcúige Chonnacht cuimhneofar ar éachtaí Ros Comáin agus tá Corcaigh ar ais i Roinn 1 den tSraith Náisiúnta an athuair.

Níos mó ná rud ar bith eile cuimhnítear ar éachtaí Mhaigh Eo agus ar a gcuid gaiscíoch. An óráid bhródúil a thug Jack Coyne ar chéimeanna Ardán Uí Ógáin. An sonas a bhí le brath i bPáirc an Chrócaigh an lá sin agus an ceiliúradh a rinne muintir Mhaigh Eo sa mbaile agus ar fud an domhain.


Bliain stairiúil agus Coirn Mhic Cárthaigh agus Mhig Uidhir ar lóistín i gcúigí Mumhan agus Chonnacht don bhliain. Thugadar féin an samhradh leo...



Sé cinn ar fad de Ghradaim All-Star atá faighte ag peileadóirí Mhaigh Eo

Na Gaiscígh: Tomás Ó Sé
Cumann Caide na Gaeltachta agus Ciarraí

Le Niall Darby



Tomás Ó Sé le Corn Shomhairle Mhig Uidhir tar éis do Chiarraí Craobh na hÉireann a bhuachan sa bhliain 2009

Rugadh Tomás Ó Sé sa bhliain 1978 i gCeann Trá, Contae Chiarraí. Bhí saol imeartha thar a bheith rathúil ag Tomás sa gheansaí glas agus óir taobh lena dheartháir níos óige Marc agus a dheartháir níos sine Darragh. Tá sé bhonn déag Uile-Éireann buaite ag an triúr acu gan trácht ar na hocht gcinn a bhuaigh a n-uncail Páidí a bhí ina athair baistí ag Tomás. Aithnítear Tomás mar dhuine de na himreoirí is fearr ní hamháin i measc a ghlúine féin ach i measc glúine ar bith eile chomh maith.

D'imir Tomás den chéad uair lena chlub, Cumann Caide na Gaeltachta, le linn na nóchaidí agus bhí sé ina chrann taca ag a chlub agus ag Ciarraí sa líne leathchúil uaidh sin go ceann feadh fiche bliain nó níos mó. D'imir An Ghaeltacht i gCluiche Ceannais Chiarraí den chéad uair riamh i stair an chlub sa bhliain 2000. Ní raibh an lá leo ach bhuaigh siad an chraobh an bhliain dár gcionn i 2001. Bhuaigh siad craobh Chiarraí arís i 2003 agus Craobh na Mumhan ina dhiaidh sin. Chuaigh siad chomh fada le Cluiche Ceannais na hÉireann nuair a tháinig seaimpíní Chonnacht as Gaillimh, An Chealtrach, ina gcoinne. Nuair a bhí deireadh ráite, ní raibh ach cúilín amháin idir na foirne ach bhí an bua ag buachaillí na Gaillimhe.

Thosaigh Tomás amach le foireann Chiarraí sa bhliain 1998 agus d'imir sé gan stad leo suas go dtí 2013 nuair a d'éirigh sé as an gcluiche idirchontae. D'imir Tomás nach mór 200 cluiche i ngeansaí Chiarraí agus uimhir a cúig ar a dhroim aige den chuid is mó. Bhuaigh Tomás a chéad bhonn Uile-Éireann sa bhliain 2000 agus chuir sé ceithre cinn eile leis an gceann sin sna blianta 2004, 2006, 2007 agus 2009. Bhuaigh sé naoi mbonn de chuid na Mumhan, trí bhonn sraithe (Roinn 1), cúig ghradam All-Star agus an duais aonair is mó, gradam imreoir na bliana, i 2009. Bhuaigh a dheartháir Marc an duais chéanna dhá bhliain roimhe sin i 2007.

De bharr go raibh Tomás ina phríomhoide scoile i nGaelscoil de hÍde i Mainistir Fhear Maí agus e ina chónaí i gCorcaigh, thosaigh sé ag imirt le Raonaithe Nemo, club a bhfuil an-cháil air, sa bhliain 2015. Bhuaigh sé dhá chraobh chontae leo i 2015 agus i 2017, mar aon le Craobh na Mumhan i 2017. D'imir Tomás ina dhara Cluiche Ceannais Uile-Éireann ag leibhéal an chlub ar Lá Fhéile Pádraig sa bhliain 2018 i gcoinne Chora Finne a bhí sa tóir ar a ndara craobh Uile-Éireann as a chéile. Mar a bhí amhlaidh nuair a d'imir Tomás lena chlub dúchais i gCluiche Ceannais na hÉireann sé bliana déag roimhe sin, bhí an lá le buachaillí na Gaillimhe arís. Chuir an cluiche sin clabhsúr lena shaol imeartha iontach mar pheileadóir.

Bhí Tomás mar chuid d'fhoireann bhainistíochta Uíbh Fhailí, a bhí faoi stiúir John Maughan, sa bhliain 2022. Bhí an chuma ar an scéal go gceapfaí é mar bhainisteoir orthu an bhliain ina dhiaidh sin i 2023 ach ceapadh é mar bhainisteoir foirne fé 20 na Ríochta. Tháinig siad tríd an gcúige gach uile bhliain ó shin gan mórán stró. Theip orthu sna cluichí leathcheannais i 2023 agus i 2025, sa chluiche ceannais in 2024 ach bhí an lá leo faoi dheireadh sa chluiche ceannais i mbliana nuair a fuair siad an ceann is fearr ar Thír Eoghain. B'in í a chéad chraobh Uile-Éireann mar bhainisteoir agus ní dóigh liom gurb í an ceann deireanach a bheidh aige ach oiread!

Corn Shomhairle Mhig Uidhir – Cérbh é Somhairle Mag Uidhir?



Corn Shomhairle Mhig Uidhir roimh Chluiche Ceannais Sinsear Peile na hÉireann idir Maigh Eo agus Ciarraí i mbliana

Le Jamie Ó Tuama

Rugadh Somhairle Mag Uidhir sna Mealla Breaca gar do Dhún Mánmhaí in iarthar Chorcaí thiar sa bhliain 1877. D'fhreastail sé ar an modhscoil i nDún Mánmhaí agus dhírigh sé go dúthrachtach ar a chuid staidéir le linn a chuid scolaíochta. Nuair a bhí sé go luath sna fichidí chuaigh sé anonn go Londain Shasana, áit ar chaith sé an chuid is mó dá shaol oibre ag obair sa státseirbhís.

Le linn dó a bheith i Londain, chaith sé go leor dá chuid ama ag plé le cúrsaí Chumann Lúthchleas Gael. Bhí sé ina chaptaen ar Londain na nIbeirneach agus, sa bhliain 1907, toghadh é ina Chathaoirleach ar Bhord Contae Londan. Is iomaí uair a bhí sé ina thoscaire de chuid CLG Londan ag Comhdhálacha Bliantúla de chuid Chumann Lúthchleas Gael. Níos faide anonn ceapadh Mag Uidhir ina iontaobhaí ar Pháirc an Chrócaigh.

B'éigean do Shomhairle filleadh ar Éirinn, áit ar thug sé aghaidh ar Áth Cliath sa bhliain 1923, nuair a cuireadh in iúl dó go raibh fiosrú ar bun ag Scotland Yard ina leith maidir le cúrsaí poblachtánacha i Sasana. D'fhill sé ar a chontae dúchais, Corcaigh, go gairid ina dhiaidh sin agus cailleadh é le heitinn agus gan é ach 49 bliain d'aois, sa bhliain 1927.

Dearadh Corn Shomhairle Mhig Uidhir go ríghairid i ndiaidh a bháis, sa bhliain 1928, agus bronnadh an corn nua ar Chumann Lúthchleas Gael mar aitheantas ar a chuid oibre ar son an Chumainn. Tá Corn Shomhairle Mhig Uidhir á bhronnadh ar bhuaiteoirí Chraobhchomórtas Sinsear Peile na hÉireann ó shin i leith.

Ba iad Cill Dara an chéad chontae leis an gcorn stairiúil seo, Corn Shomhairle Mhig Uidhir, a bhuachan. Tá an corn buaite ag Ciarraí níos minicí ná aon chontae eile – 32 uair san iomlán – agus 16 contae éagsúla atá tar éis an corn a bhuachan ó bronnadh é don chéad uair ar Chill Dara sa bhliain 1928.

Ba iad na contaetha eile ar éirigh leo greim a fháil ar Chorn Shomhairle Mhig Uidhir ná Áth Cliath (17 uair), Gaillimh (8 uair), An Mhí (7 uair), Corcaigh (5 uair), An Cabhán (5 uair), An Dún (5 uair), Tír Eoghain (4 uair), Maigh Eo (4 uair), Uíbh Fhailí (3 uair), Ros Comáin (2 uair), Dún na nGall (2 uair), Ard Mhacha (2 uair), Lú (uair amháin), Doire (uair amháin) agus Cill Dara (uair amháin).

Sa bhliain 1947 imríodh Cluiche Ceannais Peile na hÉireann sna Polo Grounds i Nua-Eabhrac nuair a d'ardaigh John Joe O'Reilly an corn tar éis do pheileadóirí an Chabháin an ceann is fearr a fháil ar Chiarraí.

De bharr an stair shaibhir agus an stádas faoi leith a bhaineann le Corn Shomhairle Mhig Uidhir bíonn páistí óga a imríonn an pheil ó cheann ceann na tíre ag brionglóideach faoi chéimeanna Ardán Uí Ógáin a dhreapadh agus an corn a ardú thar ceann a gcontae, a bpobail agus a muintire. Dar ndóigh, gach bliain tógtar na mílte grianghraf de lucht CLG leis an gcorn agus is nós fadbhunaithe é don fhoireann bhuacach an corn a thabhairt ar camchuairt chuig scoileanna an chontae.



Respect the Anthem





Amhrán na bhFiann





Tuiscint, Meas agus Cur le chéile





Bainisteoir buacach Mhaigh Eo

10 gCeist Sciobthaí Ort – Craobhchomórtais 2026

Ná bígí ag googláil!

1. Cé a bhuaigh Corn Labhraí Uí Mheachair i mbliana?
2. Cé hé Peileadóir Óg na Bliana 2026?
3. Cá mhéad Gradam All-Star atá buaite ag Diarmuid Byrnes?
4. Cé a bhuaigh Roinn 2 den tSraith Peile i mbliana?
5. Cé hé bainisteoir iomána Chorcaí?
6. Cé hiad seaimpíní reatha peile Chonnacht?
7. Cé in aghaidh a bhí Gaillimh i gCraobhchomórtas Iomána Laighean i mbliana?
8. Cén contae lena n-imríonn Ambasadóir Gaeilge CLG, Seán Ó Maoilchiaráin?
9. Cár imríodh Cluiche Ceannais Iomána na Mumhan i mbliana?
10. Cé hé bainisteoir fhoireann peile Mhaigh Eo?

FREAGRAÍ LE SEICEÁIL

Safefood

Cad atá i do mhála trealaimh?

Pacáil sneaic agus deoch. Is féidir le sneaiceanna breise cabhrú leat feidhmiú níos fearr – agus mothú níos fearr freisin.

Pacáil sneaic

Torthaí úra



Cnónna agus síolta



Cístí coirce



Barra gránaigh



Na rudaí nach bhfuil de dhíth ort



Níl deochanna fuinnimh oiriúnach duit agus níl aon tairbhe chothaitheach iontu. Is féidir go mbeidh i roinnt deochanna fuinnimh suas le 14 thaespúnóg de shiúcra, nó an méid céanna caiféine agus atá i dtrí chupán espresso.

Pacáil deoch



Uisce



Bainne



i dteannta

GAA WHERE WE ALL BELONG | LGFA PEIL na mBAN | THE CAMOGIE ASSOCIATION

SFS003 V1:0824 Dáta athbhreithnithe: Lún. 2026

Le Jamie Ó Tuama

Na Conallaigh ag ceiliúradh tar éis Chomórtas Peile na Gaeltachta 2026



Foireann bhuacach Ghaoth Dobhair ag Comórtas Peile na Gaeltachta i mbliana



Naomh Columba, Buaiteoirí Chraobh Idirmheánachna mBan ag Comórtas Peile na Gaeltachta 2026

Ba iad na Conallaigh a bhí ag ceiliúradh tar éis Chomórtas Peile na Gaeltachta 2026 agus na cúig chraobh buaite ag clubanna Gaeltachta de chuid Dhún na nGall.

Chonaic muid gur éirigh le mná Naomh Columba an ceann is fearr a fháil ar mhná Naomh Anna Leitir Móir ar an Domhnach sa chomórtas idirmheánach agus lean an fhoireann baile, Cill Chartha, an t-éacht sin nuair a d'éirigh leo an ceann is fearr ar Chlann na nGael ón Mí le Craobh Shóisear na mBan a thabhairt leo ar scór 2-05 go dtí 0-06.

I gCraobh Shinsear na mBan, d'imir an Tearmann, Dún na nGall, in aghaidh Bhaile Chláir na Gaillimhe, Gaillimh, agus bhí bua trí chúilín acu ar a gcéilí comhraic. Bhí Gearóidín Nic Lochlainn thar cinn do na Conallaigh. Scór deiridh: An Tearmann 1-10 Baile Chláir na Gaillimhe 0-10.

I gCraobh Shóisear na bhFear, thug Tuar Mhic Éadaigh ó Mhaigh Eo agus Gaeil Fhánada ó Dhún na nGall aghaidh ar a chéile sa chluiche ceannais. Bhí tús iontach ag Tuar Mhic Éadaigh agus bhí siad i bhfad chun tosaigh ar scór 2-08 go dtí 0-04 ag an mbriseadh a bhuíochas ach go háirithe le ceithre shábháil iontacha óna gcúl báire, Lee Ó Tuathaláin Mac Sheoinín.

Scéal dhá leithe a bhí ann mar sin féin, agus tháinig Gaeil Fhánada amach go láidir sa dara leath agus iad ag imirt le cóir na gaoithe. D'éirigh leo 2-05 a aimsiú gan fhreagra óna gcéile comhraic agus bhí siad cúilín chun tosaigh ar chlár na scór. D'fhan siad chun tosaigh agus bhí bua compordach acu sa deireadh. Scór deiridh: 2-18 go dtí 3-09.

Maidir le Craobh Shinsear na bhFear ba iad Bhulf Tón na Mí, buaiteoirí 2025, a bhí ag imirt in aghaidh Ghaoth Dobhair ó Dhún na nGall. Bhí tús maith ag club na Mí agus iad ag imirt le cóir na gaoithe. Níorbh fhada go raibh siad chun tosaigh ar scór 1-04 go dtí 0-03 agus scór dhá phointe ó imreoir na Mí, Adam O'Neill, san áireamh. Chríochnaigh na Conallaigh an leath go láidir mar sin féin agus nuair a d'aimsigh Adam Mac Íomhair cúl d'fhoireann na gConallach bhí an bhearna dúnta. Scór leath ama: Bhulf Tón 1-06 Gaoth Dobhair 1-05.

Agus iad ag imirt leis an ngaoth sa dara leath, d'éirigh le Gaoth Dobhair an lámh in uachtar a fháil ar a gcéilí comhraic agus choinnigh siad clár na scór ag bogadh a bhuíochas d'Éthan Ó hEarcáin ach go háirithe. 0-05 ar fad a d'aimsigh sé sa chluiche ar fad leis an mbua a fháil do Ghaoth Dobhair. Scór deiridh: Gaoth Dobhair 2-13 Bhulf Tón 1-09.

Torthaí Chluichí Chomórtas Peile na Gaeltachta 2026

COMÓRTAS SÓISEAR NA bhFEAR
Cluichí Ceathrú Ceannais
Naomh Pádraig An Fhairche 2-19 Clann na nGael 4-12
Na Gaeil Óga 3-22 An Seanphobal 0-02
Tuar Mhic Éadaigh 2-19 Laochra Loch Lao 0-07
Gaeil Fhánada 1-15 Lios Póil 0-15
Cluichí Leathcheannais
Tuar Mhic Éadaigh 1-15 Na Gaeil Óga 1-06
Gaeil Fhánada 2-11 Naomh Pádraig An Fhairche 0-10
Cluiche Ceannais
Gaeil Fhánada 2-18 Tuar Mhic Éadaigh 3-09

COMÓRTAS SÓISEAR NA mBAN
Cluichí Ceathrú Ceannais
Cill Chartha 9-17 Na Gaeil Óga 2-04
Clann na nGael 2-06 Carna Caiseal 2-03
Cluichí Leathcheannais
Cill Chartha 8-10 agus Laochra Loch Lao 3-03
Clann na nGael 4-10 Tuar Mhic Éadaigh 3-07
Cluiche Ceannais
Cill Chartha 2-05 Clann na nGael 1-06
COMÓRTAS IDIRMHEÁNACH NA mBAN
Cluiche Ceannais
Naomh Columba 2-08 Naomh Anna Leitir Móir 2-06
Comórtas Sinsear na mBan
Cluiche Ceannais
An Tearmann 1-10 Baile Chláir na Gaillimhe 0-10

COMÓRTAS SINSEAR NA bhFEAR
Réamhbhabhta
Gaoth Dobhair 1-16 agus Cill tSéadhna 0-08
Cluichí Ceathrú Ceannais
Naomh Abán 2-13 Cumann Caide na Gaeltachta 0-12
Bhulf Tón 1-25 An Rinn 1-10
Gaoth Dobhair 4-17 Maigh Cuilinn 2-14
Cluichí Leathcheannais
Bhulf Tón 1-16 Naomh Abán 1-10
Gaoth Dobhair 1-20 Cill Chartha 0-20
Cluiche Ceannais
Gaoth Dobhair 2-13 Bhulf Tón 1-09

Le Jamie Ó Tuama

Ar bhóithrín na smaointe – Cláirínigh '95

Fanfaidh 3 Meán Fómhair, 1995, i gcuimhne mhuintir an Chláir go deo. B'in é an lá stairiúil ar éirigh lena laochra iomána Craobh Iomána na hÉireann a thabhairt leo den chéad uair le 81 bliain anuas tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Uíbh Fhailí i gCluiche Ceannais na hÉireann ar scór 1-13 go dtí 2-08. Anthony Daly a bhí ina chaptaen agus Ger Loughnane a bhí ina bhainisteoir ar an bhfoireann iontach sin a chuir deireadh le tréimhse fhada feithimh don chontae.

Ní raibh Craobh na Mumhan buaite ag an gClár ó 1932 i leith agus ní raibh Corn Liam Mhic Cárthaigh tugtha leo ó 1914.

Thosaigh an taoide ag casadh i 1995 nuair a d'éirigh leis an gClár áit a bhaint amach i gCluiche Ceannais na Mumhan in aghaidh Luimnigh i Staid Semple. Rinne foireann Loughnane ráiteas mór an lá sin nuair a d'éirigh leo an ceann is fearr a fháil ar a gcéilí comhraic ar scór 1-17 go dtí 0-11. Bhí Corn na Mumhan ar ais sa Chlár den chéad uair ó 1932!

Ina dhiaidh sin, d'éirigh leis an gClár an ceann is fearr a fháil ar Ghaillimh ar scór 3-12 go dtí 1-13 lena n-áit a dheimhniú i gCluiche Ceannais na hÉireann. Laochra Uíbh Fhailí agus curaidh na bliana 1994 a bhí idir iad agus Corn Liam Mhic Cárthaigh a thabhairt thar Sionainn. Ar 3 Meán Fómhair, tháinig an dá fhoireann le chéile i bPáirc an Chrócaigh os comhair breis agus 65,000 duine. Bhí iománaithe an Chláir ar thairseach na staire.

Bhí na foirne gob ar ghob don chuid is mór den chéad leath ach nuair a d'aimsigh Michael Duignan cúl d'Uíbh Fhailí gar do dheireadh na leithe bhí Uíbh Fhailí chun tosaigh ar scór 1-06 go dtí 0-05. D'éirigh leis an gClár dhá chúilín eile a aimsiú roimh an mbriseadh, mar sin féin, rud a d'fhág Uíbh Fhailí péire chun tosaigh ag leath ama.


Nuair a d'éirigh le Johnny Pilkington an dara cúl a aimsiú d'Uíbh Fhailí sa dara leath bhí an Clár trí chúilín taobh thiar. Ní raibh a bport seinnte mar sin féin. Agus gan ach ceithre nóiméad fágtha bhuail Anthony Daly poc saor i dtreo na cearnóige. Briseadh an sliotar agus bhí Éamonn Taaffe san áit cheart ag an am ceart. Bhí an Clár ar ais sa chluiche arís! Bhí lucht leanta an Chláir ar bís agus bhí na foirne ar comhscór go gairid ina dhiaidh sin.

D'aimsigh Anthony Daly cúilín eile don Chlár ó phoc 65 méadar. Go gairid ina dhiaidh sin, chuir Jamesie O'Connor an cúilín deireanach den chluiche thar an trasnán ó phoc saor, rud a d'fhág an Clár dhá chúilín chun tosaigh. Bhí an beart déanta acu.

Nuair a séideadh an fheadóg dheireanach, bhí lúcháir agus áthas le mothú ar fud Pháirc an Chrócaigh. Bhí stair bainte amach ag iománaithe an Chláir agus an cluiche buaite acu ar scór 1-13 go dtí 2-08. Bhí Corn Liam Mhic Cárthaigh ar ais i gContae an Chláir den chéad uair ó 1914! Bhí 81 bliain de bhriseadh croí thart.

Ba é Anthony Daly a bhí ina chaptaen ar an bhfoireann an lá stairiúil sin agus thug sé aitheantas dóibh siúd uilig a tháinig rompu agus nár éirigh leo an corn a thabhairt leo. Bua a bhí ann do gach glúin imreoirí a chaith geansaí an Chláir.





Le Jamie Ó Tuama

Comhairle ó Ambasadóir Gaeilge CLG cibé Gaeilge atá agat a úsáid

Ceapadh Seán Ó Maoilchiaráin Árann agus na Gaillimhe ina Ambasadóir Gaeilge ar Chumann Lúthchleas Gael thiar i mí Aibreáin. Labhair muid leis ag an am faoina ról nua agus faoin mbaint lárnach a bhí ag an nGaeilge ina shaol.

D'iarr muid air cén chaoi ar airigh sé faoina cheapachán.

'Airím bródúil', a dúirt Ó Maoilchiaráin. 'Rugadh agus tógadh mé le Gaeilge. Tá Gaeilge ar fud mo shaoil, in Árainn in Inis Mór, ar scoil, ar an bpáirc peile, taobh amuigh den pháirc peile, sa scoil agus mar sin de. Mothaím thar a bheith bródúil as a bheith i m'Ambasadóir Gaeilge.'

Chas Seán le hAmbasadóir Gaeilge CLG 2025, Fergal Whitely, nuair a seoladh é mar Ambasadóir Gaeilge de chuid an Chumainn agus bíonn sé ag múineadh le Paul Conroy, Ambasadóir Gaeilge CLG 2022. Ghlac sé leis an deis comhairle a fháil ón mbeirt.

'Dúirt Paul liom a bheith muiníneach as agus gur rud é le bheith bródúil faoi chomh maith', a dúirt leathchúlaí na Gaillimhe. 'Is dócha gur cuid dár gcultúr í chomh maith. Sin an sórt comhairle a thug siad dom.'

As Inis Mór do Sheán, dar ndóigh, rud a chiallaíonn go raibh an Ghaeilge thimpeall air i gcónaí mar theanga tí agus phobail agus é ag fás aníos.

'Is rud fíorthábhachtach domsa go pearsanta mar, mar a dúirt mé, tógadh mé le Gaeilge. Bhí sí agam sa mbaile agus sa scoil. Tá an Ghaeilge thar a bheith láidir sna trí oileán – Inis Mór, Inis Meáin agus Inis Oírr, agus tá muid thar a bheith bródúil as sin. Mar sin, bhí ról láidir agus tábhachtach ag an nGaeilge i mo shaol.'

Is iomaí uair a chonacthas Seán ina bhróga damhsa agus é ina ghasúr beag ag Oireachtas na Gaeilge agus tá cuimhní maithe aige ar na laethanta sin.

'Sea, is dócha gur fada an píosa ó rinne mé sin anois ach, sea, thosaigh mé ag déanamh cúpla cleachtadh damhsa ar an sean-nós agus dúirt m'athair liom 'cuir isteach ar an Oireachtas'. Is dócha nach raibh mórán rogha agam!

'Chuir mé isteach air ansin agus bhí taithí maith agam ann. Bhí craic mhaith ann mar a bhíonn i gcónaí ag an Oireachtas. Bhaineamar an-spraoi as. Bhí an damhsa go maith.'

Dar ndóigh, tá go leor imreoirí ar phainéal peile na Gaillimhe ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, nó a d'fhoghlaim an Ghaeilge agus is léir gur buntáiste é sin ar bhealaí éagsúla don fhoireann. Is minic a bhíonn Gaeilge á labhairt acu ar an bpáirc imeartha.

'Bíonn agus nuair atá muid ar an bpáirc le chéile bíonn thart ar dhá duine dhéag a bhíonn á labhairt gach lá,' a deir Seán. 'Mar sin is dócha go bhfuil buntáiste beag againn le 'calls' agus rudaí eile mar sin. Tá sé iontach a bheith in ann an Ghaeilge a labhairt ar an bpáirc peile.'

Maidir le labhairt na Gaeilge, molann Seán do lucht an Chumainn a gcuid Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir cibé cúpla focal nó Gaeilge líofa a bheith acu.

'Tá sé breá simplí is dóigh liom, an cúpla focal atá agat a úsáid chomh minic agus is féidir. Sin an chaoi a bhfoghlaimeoidh tú níos mó Gaeilge, labhairt leis na daoine atá líofa agus a bhfuil níos mó ná an cúpla focal acu. Úsáid an Ghaeilge atá agat is dócha an chomhairle a bheadh agam ar dhaoine.'



Ceapadh Seán Ó Maoilchiaráin, Árainn agus Gaillimh, ina Ambasadóir Gaeilge ar Chumann Lúthchleas Gael thiar i mí Aibreáin

Foireann Iomána na Bliana PwC 2026

All-Stars

pwc GAA gpa



Foireann Iomána na Bliana PwC 2026

Foireann Iomána na Bliana PwC 2026


GAA
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN
#GAAgaeilge
Listen On
Spotify®

Le Jamie Ó Tuama

Na Gaiscígh: Brian Whelahan – Biorra agus Uíbh Fhailí

Rugadh agus tógadh Brian Whelahan i mBiorra i gcontae Uíbh Fhailí agus tá áit ar leith bainte amach aige i stair na hiomána. Áirítear go forleathan é i measc na n-imreoirí ab fhearr a d'imir an iomáint riamh. Níl amhras ar bith faoi ach go raibh sé ar dhuine de na himreoirí ba mhó a spreag muintir Uíbh Fhailí le linn ré órga na hiomána sa chontae sin sna nóchaidí.

D'imir Brian le hUíbh Fhailí idir 1989 agus 2006. Is iomaí rud a bhuaigh sé lena chontae le linn an ama sin agus é ar cheann de na leathchúlaithe is fearr sa tír. Bhí scil aisteach aige chomh maith le tuiscint iontach ar an gcluiche. Iománaí an-chumasach a bhí ann agus sheas sé suas i gcónaí sna cluichí is tábhachtaí.

Ba iad buanna uile-Éireann Uíbh Fhailí sna blianta 1994 agus 1998 buaicphointí a shaoil imeartha idirchontae. Lena chois sin, bhuaigh sé trí cinn de Chraobhacha Laighean agus sraith amháin iomána – gan a bheith ag trácht ar an iliomad rudaí a bhuaigh sé faoi aois agus an dá bhonn idirchúige a bhuaigh sé.

Bronnadh ceithre Ghradam All-Star air mar aitheantas ar a chuid gaiscí i ngeansaí an chontae sna blianta 1992, 1995, 1998 agus 1999. Ainmníodh é mar Iománaí na Bliana sna blianta 1994 agus 1998 agus roghnaíodh é ar Fhoireann Iomána na Mílaoise sa bhliain 2000. Insíonn sé sin a scéal féin faoi Brian!

D'éirigh le Brian níos mó fós a bhuachan lena chlub, Biorra. Bhuaigh sé 12 craobh contae ar fad chomh maith le seacht gcinn de Chraobhacha Laighean agus ceithre cinn de Chraobhacha Uile-Éireann sna blianta 1995, 1998, 2002 agus 2003.

Is beag duine a d'fhág lorg chomh mór sin ar iomáint Uíbh Fhailí. As Biorra ó dhúchas ach laoch de chuid an chontae ar fad agus duine de mhórphearsana stair na hiomána é, freisin.



Brian Whelahan i mbun a cheirde le hUíbh Fhailí

Is iomaí rud a bhuaigh Brian lena chlub, Biorra, freisin

Foireann Peile na Bliana PwC 2026

All-Stars

pwc GAA gpa



Foireann Peile na Bliana PwC 2026

Foireann Peile na Bliana PwC 2026

Le Jamie Ó Tuama

Corn Liam Mhic Cárthaigh



Rugadh Liam Mac Cárthaigh i Londain Shasana sa bhliain 1853. B'as Baile Garbháin i gContae Chorcaí a thuismitheoirí, agus tugtar Páirc Liam Mhic Cárthaigh ar pháirc imeartha Bhaile Garbháin mar aitheantas ar áit dhúchais mhuintir Mhic Cárthaigh. D'fhás sé aníos i gceantar mór Éireannach i Southwark, áit ar sheas na daoine go dlúth lena chéile agus ba í an Ghaeilge a bhí mar theanga tí aige. Bhíodh an iomáint á himirt aige mar chaitheamh aimsire lena chairde i Londain agus bhí grá mór aige do na cluichí Gaelacha, agus an iomáint ach go háirithe, ar feadh a shaoil.

Bhí sé báite i gcúrsaí CLG i Londain agus chaith sé go leor dá chuid ama ag plé leis na cluichí. Dar ndóigh, toghadh é ina Chathaoirleach ar Bhord Contae Londan agus d'fhan sé sa ról sin ar feadh deich mbliana. Tráthúil go leor chaith leithéidí Micheál Ó Coileáin agus Somhairle Mag Uidhir, ar ainmníodh Corn Shomhairle Mhig Uidhir ina dhiaidh, seal ar Bhord Contae Londan in éineacht leis le linn na mblianta sin.

Shocraigh Liam, i gcomhar le beirt mhac dá chuid, ar chorn a dhearadh a bhí cosúil le soitheach ársa ólacháin a bhíodh in úsáid ag na ceiltigh fadó. Nuair a bhí an corn réidh, bronnadh ar Ard-Chomhairle Chumann Lúthchleas Gael é agus glacadh leis go fonnmhar. Is é an corn seo a bhronntar ar bhuaiteoirí Chraobhchomórtas Sinsear Iomána na hÉireann gach bliain – Corn Liam Mhic Cárthaigh! Cailleadh Liam sa bhliain 1928.

Bronnadh Corn Liam Mhic Cárthaigh don chéad uair ar bhuaiteoirí na bliana 1921, Luimneach, sa bhliain 1923. Ba de bharr cúrsaí polaitiúla sa tír nár bronnadh go dtí an bhliain sin é. Dar ndóigh, ba iad Luimneach an fhoireann dheireanach leis an gcorn a bhuachan tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Ghaillimh i gCluiche Ceannais na hÉireann i mbliana. Corn an Great Southern a bronnadh ar bhuaiteoirí Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann roimhe sin.

Tá an corn buaite ag Cill Chainnigh níos minicí ná aon chontae eile – 29 uair san iomlán – agus deich gcontae éagsúla atá tar éis an corn a bhuachan ó bronnadh é don chéad uair ar bhuaiteoirí na bliana 1921. Tá Corn Liam Mhic Cárthaigh buaite ag Luimneach 11 uair, Gaillimh cúig huaire agus an Clár ceithre huaire. Is iad Corcaigh (23 uair), Tiobraid Árann (20 uair), Loch Garman cúig huaire, Uíbh Fhailí ceithre huaire, Áth Cliath trí huaire agus Port Láirge faoi dhó na contaetha eile a bhuaigh an corn stairiúil seo. Ní rud éasca é Corn Liam Mhic Cárthaigh a bhuachan!

De bharr an stair shaibhir agus an stádas faoi leith a bhaineann le Corn Liam Mhig Cárthaigh bíonn páistí óga a imríonn an iomáint ó cheann ceann na tíre ag brionglóideach faoi chéimeanna Ardán Uí Ógáin a dhreapadh agus an corn a ardú thar ceann a gcontae, a bpobal agus a muintire. Dar ndóigh, gach bliain tógtar na mílte grianghraf de lucht CLG leis an gcorn agus is nós fadbhunaithe é don fhoireann bhuacach an corn a thabhairt ar camchuairt chuig scoileanna agus chuig clubanna uile an chontae.


Michael Hogan


Tom Hogan


Daniel Carroll


James Burke


James Teehan


Joe Traynor


James Matthews


Thomas Ryan


Patrick O'Dowd


Michael Feery


William Robinson


Jerome O'Leary


John William Scott


Jane Boyle

Cuimhnímis Orthu Uilig



Domhnach na Fola

Páirc an Chrócaigh

21ú Samhain, 1920

Glór na nGael

#GAAgaeilge

Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha











Bhí tús spleodrach ag Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha agus muid ag toiseacht sa bhliain úrl D'fhoilsigh muid leabhráin úr tacaíochta ag tús na bliana agus athbhreithniú déanta ar an scéim roimh an Nollaig. Tá os cionn 200 clubanna cláraithe leis an scéim go dtí seo agus d'fhreastal os cionn 60 club ar ár gceardlanna eolais chun tabhairt faoina spriocanna agus gníomhaíochtaí nua ina gclubanna féin.

Cuireadh tús leis na Blitzchomórtais Scoile a bhí maoinithe ag Glór na nGael i mí Feabhra. Fuair 20 club ar fud na tíre maoiniú le Blitzchomórtais a reachtáil leis na scoileanna áitiúla agus beidh os cionn 2000 páistí ag imirt peile, iomána & camógaíochta acu.

D'oscail an chéad bhabhta deontas de chuid na Fondúireachta ag deireadh Mí Feabhra chomh maith agus tá muid i ndáidh maoiniú a tabhairt do 75+ clubanna ar fud na tíre, chun cuidiú leo le Ranganna, Sráith Imeachtaí Sóisialta & Cultúrtha agus Sráith Imeachtaí Teaghlaigh.

Tá na céad chruinnithe fóraim ar siúl fud fad na tíre chomh maith a bhuíoch lenár n-oifigigh forbartha. Tugann na fóraim seo deis do chlubanna teacht le chéile chun deachleachtais agus smaointí a roinnt, chomh maith le greasánú le clubanna agus Oifigheach Gaeilge eile.

Tá muid iontach sásta a fhógairt go bhfuil Scéim Aitheantais do Bhoird Chontae anois oscailte fosta. Is scéim é seo atá dírithe ar Bhoird Chontae chun an Ghaeilge a chur chun cinn ag an leibhéal sin agus bheith in ann tacaíocht a thabhairt do na clubanna atá cláraithe le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha chomh maith.

Ar an 21ú Marta, théinig clubanna na Fondúireachta ó gach cheann de tír le chéile ag Comhdháil Náisiúnta na Fondúireachta 2026. Bhí lá den scoth againn i bPáirc an Chrócaigh inné ag Comhdháil Náisiúnta na Fondúireachta, le breis agus 20 club i láthair ó gach ceann den tír. Ba dheis iontach í do chlubanna teacht le chéile, smaointe a roinnt agus greasánaíocht a dhéanamh le clubanna eile ar a dturas le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha.

Tá muid ag dúil go mór le feiceáil cad é eile atá i ndán do FSMD an bhliain seo.

TÁ AN T-EOLAS UILIG FAOINA SCÉMEANNA AR FÁIL ANSEO

044 943 8774 www.glornangael.ie glornangael @glornangael glor_nangael

C	E	A	T	H	A	R	L	A	C	H	M	I	N	U	G	I	R
A	S	R	G	E	N	C	O	É	I	M	N	A	C	I	T	H	O
A	D	O	H	O	I	I	R	A	L	B	A	N	C	L	Á	R	S
A	B	O	H	L	A	O	I	S	L	S	F	M	U	U	C	I	C
R	I	L	T	N	R	Ú	D	A	M	M	E	I	H	S	A	C	O
D	C	N	E	Í	M	L	A	M	H	R	É	T	F	C	É	I	M
M	N	A	D	S	H	N	C	D	A	H	O	O	N	E	N	S	Á
H	A	C	O	É	Í	A	D	Ú	N	N	A	N	G	A	L	L	I
A	R	D	I	F	A	M	Ú	T	T	F	A	R	É	T	I	I	N
C	I	A	R	R	A	Í	N	C	Á	É	A	H	A	H	S	G	Y
H	N	Ú	E	A	N	Í	R	I	I	A	D	O	T	A	G	E	N
A	C	H	U	U	M	A	A	A	N	D	Ú	N	B	R	A	A	H
A	I	I	S	T	H	C	C	H	E	A	E	M	C	L	I	C	A
H	Í	N	A	G	Í	U	R	S	T	A	R	A	Ó	A	L	H	S
A	T	N	C	H	H	O	R	N	T	Á	L	I	Í	C	L	R	U
N	U	A	E	A	B	H	R	A	C	G	A	G	D	H	I	H	A
A	G	U	E	S	T	Ó	B	G	A	D	H	H	Í	M	M	I	S
D	I	G	F	C	I	T	L	U	I	M	N	E	A	C	H	L	C
A	N	L	O	N	G	F	O	R	T	H	R	O	I	A	R	T	Á



Aimsigh na curaidh seo a leanas!

Luimneach (Curaidh Iomána na Mumhan agus Uile-Éireann, Iomáint Roinn 1A), ***Maigh Eo*** (Curaidh Peile Uile-Éireann), ***Gaillimh*** (Curaidh Iomána Laighean), ***An Iarmhí*** (Curaidh Peile Laighean), ***Ard Mhacha*** (Curaidh Peile Uladh), ***Ciarraí*** (Curaidh Peile na Mumhan), ***Ros Comáin*** (Curaidh Peile Chonnacht), ***Cill Mhantáin*** (Corn Tailteann, Iomáint Roinn 3), ***Laois*** (Corn Sheosaimh Mhic Dhonncha, Iomáint Roinn 2), ***Doire*** (Corn Chríostóir Uí Rinn), ***Nua-Eabhrac*** (Corn Niocláis Mhic Riocaird), ***An Longfort*** (Corn Labhraí Uí Mheachair, ***Dún na nGall*** (Peil Roinn 1), ***An Mhí*** (Peil Roinn 2), ***An Dún*** (Peil Roinn 3), ***Ceatharlach*** (Peil Roinn 4), ***An Clár*** (Iomáint Roinn 1B), ***Sligeach*** (Iomáint Roinn 4)

Le Jamie Ó Tuama

Scór na nÓg 2026 ag gabháil i ndéine



Ceol Uirlise CLG Aodha Ruaidh, Dún na nGall, ag Babhtaí Ceannais Scór na nÓg 2025

Tá Scór na nÓg ar ais agus faoi lánseol!

Tá clubanna agus baill de chuid Chumann Lúthchleas Gael ó gach cearn den tír ag réiteach do chomórtais na bliana seo. Tá siad ag cleachtadh a gcuid damhsaí, ag seinm ceoil agus ag réiteach a gcuid amhrán, aithriseoireachta agus a gcuid nuachleasanna.

Beidh go leor laethanta spraoi agus siamsaíochta romhainn amach uaidh seo go ceann cúpla mí. Chomh maith le siamsaíocht a chur ar fáil dá gcairde, dá dteaghlaigh agus dá gcomharsana, beidh súil ag go leor acu áit a bhaint amach i mbabhta ceannais an chontae, an chúige agus i mBabhtaí Ceannais na hÉireann agus a gcuid tallainne a thaispeáint ar stáitsí níos mó.

Dúirt Póilín Mhig Aoidh, Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Scór;

'Tá Scór na nÓg buailte linn agus tá lucht Scór ó cheann ceann na tíre ag réiteach le gabháil chun stáitse. Guíonn muid gach rath ar na mílte duine óg a bheidh ag glacadh páirte i mbabhtaí éagsúla de chuid Scór na nÓg uaidh seo go ceann roinnt míonna.

'Tá muid ag dréim go mór le Babhtaí Ceannais na hÉireann a bheith ar ais in Amharclann an TF i gCaisleán an Bharraigh arís agus tá muid ag súil go mór leis an turas atá romhainn idir seo agus na babhtaí ceannais.

Beidh Babhtaí Ceannais na hÉireann Scór na nÓg 2026 ar siúl ar 23 Eanáir 2027.

Seo a leanas na dátaí atá deimhnithe do Bhabhtaí Ceannais Contae, Cúige agus na hÉireann:

Babhtaí Ceannais na hÉireann, 23 Eanáir, 2027, Amharclann an TF, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo

Dátaí Cúige
Connachta, Babhtaí Ceannais, 28 Samhain
An Mhumhain, Babhtaí Leathcheannais, 21 Samhain
An Mhumhain, Babhtaí Ceannais, 6 Nollaig
Ulaidh, Babhtaí Leathcheannais, 15 Samhain
Ulaidh, Babhtaí Leathcheannais, 28 Samhain
Laighean, Babhtaí Ceannais, 29 Samhain
Dátaí na gContaetha
Áth Cliath, 17 Deireadh Fómhair
Aontroim, 18 Deireadh Fómhair
Port Láirge, 24 Deireadh Fómhair
Muineachán, 24 Deireadh Fómhair
Laois, 25 Deireadh Fómhair
Ceatharlach, 30 Deireadh Fómhair
An Clár, 1 Samhain
Fear Manach, 1 Samhain
Dún na nGall, 1 Samhain
Cill Chainnigh, 4 Samhain
Cill Dara, 5-6 Samhain
Tiobraid Árann, 6 Samhain
An Mhí, 6 Samhain
Uíbh Fhailí, 7 Samhain
Loch Garman, 7 Samhain
Liatroim, 7 Samhain
Luimneach, 7 Samhain
Ciarraí, 7 Samhain
An Cabhán, 7 Samhain
Ard Mhacha, 7 Samhain
An Dún, 7 Samhain



Lucht Nuachlis Chumann Phádraig Mhic Phiarais, Ros Comáin, ar stáitse ag Babhtaí Ceannais Scór na nÓg 2025

Cill Mhantáin, 7 Samhain
Sligeach, 8 Samhain
An Iarmhí, 8 Samhain
Doire, 8 Samhain
Gaillimh, 8 Samhain
Ros Comáin, 8 Samhain
An Longfort, 8 Samhain
Tír Eoghain, 11 Samhain
Corcaigh, 14 Samhain
Maigh Eo, 15 Samhain

Is comórtas de chuid Chumann Lúthchleas Gael é Scór a thugann dathanna agus iomaíocht na gCluichí Gaelacha chomh maith leis an spraoi agus spórt a bhaineann le sean-nósanna traidisiúnta na hÉireann le chéile.

Cuireadh tús le Scór sa bhliain 1969 le cultúr agus traidisiúin na hÉireann a chur chun cinn. Tugann Scór deis do bhaill na gclubanna teacht le chéile, spraoi a bheith acu agus ionadaíocht a dhéanamh ar a gclubanna agus ar a bpobail.

Tá ocht gcomórtas ar fad i Scór a chlúdaíonn gnéithe éagsúla de chultúr na hÉireann: Rince Foirne, Amhránaíocht Aonair, Bailéad-Ghrúpa, Aithriseoireacht / Scéalaíocht, Nuachleas, Ceol Uirlise, Rince Seit, Tráth na gCeist.

Tá dhá ghrád de Scór ann: Scór na nÓg, do dhaoine óga faoi bhun 17 bliain d'aois, agus Scór Sinsear, do dhaoine atá 17 bliain d'aois nó níos sine.

Eagraítear Scór go dátheangach - i nGaeilge agus i mBéarla - agus fáiltítear roimh iontrálacha sa dá theanga.

Is féidir coinneáil suas chun dáta maidir le gníomhaíochtaí Scór ar an leathanach Facebook oifigiúil @GAAScórOifigiúil.


TABHAIR
MEAS
TUILL
MEAS
Ár gcluichí. Ár rogha.



Peileadóirí Óga Oileáin Árann, Gaillimh, ag na GAAgaeilge Go Games a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh níos luaithe sa bhliain

GAAgaeilge Go Games 2026

Le Jamie Ó Tuama

Ghlac os cionn 300 peileadóir óg ó chlubanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge páirt i GAAgaeilge Go Games a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh thiar i mí Aibreáin.

I measc na gclubanna agus na scoileanna a bhí páirteach ar an lá bhí Scoil Uí Ghramhnaigh, Ráth Chairn, Na Gaeil Óga, Áth Cliath, An Ghaeltacht agus an Seanphobal ón Rinn, Naomh Abán agus Béal Átha an Ghaorthaidh ó Chorcaigh, Micheál Breathnach, Ros Muc, An Cheathrú Rua agus Oileáin Árann ó Ghaillimh, Tuar Mhic Éadaigh ó Mhaigh Eo, Naomh Muire, Íoctar na Rosann, ó Dhún na nGall agus Gaelscoil Charman ó Loch Garman.



Micheál Breathnach, Gaillimh, agusTuar Mhic Éadaigh, Maigh Eo, ag imirt in aghaidh a chéile ag na GAAgaeilge Go Games i mbliana

Ba iad Coiste Náisiúnta Gaeilge CLG, CLG Chonnacht agus CLG na Mumhan a d'eagraigh na GAAgaeilge Go Games i gcomhar le Rannóg um Fhorbairt na gCluichí Náisiúnta, CLG. Gabhann siad buíochas leis na foirne uilig a ghlac páirt sa scléip.

Bhí aoi speisialta ina measc ar an lá freisin, dar ndóigh, agus tugadh deis do na gasúir uilig a bpictiúr a fháil le Corn Shomhairle Mhig Uidhir.

Beidh na GAAgaeilge Go Games á n-eagrú arís amach anseo agus táthar ag súil le cuireadh a thabhairt do chlubanna as ceantair eile Ghaeltachta agus as Gaelscoileanna eile.

TRASNA

1. Bainisteoir Dhún na nGall, 10

4. Seaimpíní Peile Club na hÉireann, Daingean Uí _____ 5

5. Contae Dara McDonnell, 2

6. Curaidh Iomána Roinn 1B, An ___, 4

10. Captaen Buacach Chill Mhantáin, 5

12. Buaiteoirí Chorn Chríostóir Uí Rinn, 5

13. Iománaí na Bliana, 7

14. Captaen Buacach Mhaigh Eo, 5

16. Iománaí Carmanach, 4

17. Buaiteoirí Chorn Labhraí Uí Mheachair, An _____8

19. Seaimpíní Peile Chúige Uladh, 3,6

20. Réalta Bhéal an Mhuirthead, 4

SÍOS

1. Bainisteoir Iomána na Gaillimhe, 7

2. Seaimpíní Iomána Laighean, 8

3. Réalta Átha Cliathach, 6

7. Cat a d'éirigh as le gairid, 4

8. Peileadóir Óg na Bliana 2026, 6

9. Bainisteoir Peile na Mí, 7

11. Leathchúlaí Luimnigh, 7

14. Peileadóir a bhuaigh a sheachtú Gradam All-Star i mbliana ___, 8

15. Bainisteoir Peile na hIarmhí, 4

18. Iománaí de chuid Chorcaí, Niall ____, 1,5



FREAGRAÍ

Crosfhocal



Camchuairt na nAmhrán

Le Aedín Ní Bhriain

Ag leanúint orainn ar thuras bóthair timpeall na tíre chun amhráin éagsúla a bhaineann le gach contae a cheiliúradh, is ag triall ar Aontroim atáimid san eagrán seo leis an amhrán ársa álainn:

Is amhrán traidisiúnta eisimirceach ar an sean-nós é Aird Uí Chuain, baile fearainn in aice le Bun Abhann Duinne i gContae Aontroma. Scríobh John McCambridge (1793–1873) an t-amhrán, Preispitéireach saibhir as Maolaird a raibh grá mór aige don Ghaeilge. Tá sé curtha i reilig Layde i gContae Aontroma. San amhrán, tá cnoic a thíre dúchais le feiceáil ar éigean thar na farraige ar na spéir thiar. Cuireann sé brón domhain in iúl agus is mian leis filleadh & é ag cuimhneamh ar chluichí iomána ag Bun Abhann Duinne, ba bhreá leis bás a fháil in Éirinn ar deireadh thiar.

Aird Uí Chuain

Dá mbeinn féin in Aird Uí Chuain
In aice an tsléibh úd 'tá i bhfad uaim
B'annamh liom gan dul ar cuairt
Go gleann na gcuach Dé Domhnaigh
Curfá
Agus och och Éire 'lig is ó,
Éire lionn dubh is ó,
'Sé mo chroí 'tá trom 's bronach.
Is iomaí Nollaig a bhí mé féin
I mBun Abhann Doinne is mé gan chéill
Ag iomáint ar an trá bháin
'Is mo chamán bán i mo lámh liom (Curfá)

Nach tuirseach mise anseo liom féin
Nach n-áirim guth coiligh lonndubh nó traon
gealbhán, smaolach, naoscach féin
Is chan aithním féin an Domhnach (Curfá)
'Sé seo an choraíocht atá buan
Ar a' tsaol go gcuirfeadh sé cluain
Mheallfadh sé an chaora ón uan –
Agus mheall sé uaimse an óige (Curfá)
Dá mbeadh agam coite is rámh
D'iomairfinn liom ar dhroim a'tsnáimh
'S mé ag dúil le Dia go sroichfinn slán
Is chan aithním féin an Domhnach (Curfá)

Le Tricia Ní Chearra

Rath Leanúnach ar Scéim 'Gaeilge sa Chlub'

Tugann an scéim 'Gaeilge sa Chlub' deis do bhaill CLG tabhairt faoin Dioplóma sa Ghaeilge in Ollscoil Uladh agus a gcuid scileanna teanga a fhorbairt agus a neartú. Tá rath nach beag ar an scéim seo le breis agus deich mbliana anois, agus tagann thart ar 20 duine tríd an chlár gach bliain ó chlubanna ar fud chúige Uladh.

Ní hamháin go bhfaigheann na scoláirí tacaíocht airgeadais i dtreo chostais an chúrsa, ach tugann an scéim deis dóibh an Ghaeilge a chur chun cinn ina gclubanna féin chomh maith, nó bíonn ar na rannpháirtithe tionscadail phraiticiúla a fhorbairt ina gclubanna a spreagann úsáid agus feiceálacht na Gaeilge i measc na mball agus sa phobal áitiúil.

I measc na dtionscadal a bhí againn in 2025, bhí ranganna, dianchúrsaí, imeachtaí do thuismitheoirí agus do pháistí, ciorcail chomhrá agus tráth na gceist, chomh maith le hócáidí sa chlubtheach a rinne ceiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge. Chuir na gníomhaíochtaí seo go mór le feiceálacht agus le húsáid na Gaeilge i gclubanna CLG ar fud an chúige, agus chruthaigh siad deiseanna nua do dhaoine an teanga a úsáid sa phobal.

Ag labhairt faoin tionscnamh, dúirt an Dr. Gearóid Ó Domagáin ó Ollscoil Uladh:

"Tá CLG Uladh agus Ollscoil Uladh ag obair i gcomhpháirt le chéile le roinnt mhaith blianta ar an scéim thábhachtach seo a chuireann scoláireachtaí ar fáil do bhaill de chuid CLG a thugann faoin chúrsa dioplóma s'againn i mBéal Feirste, i nDoire, ar an Chorr Chríochach agus in Ard Mhacha. Is mór a chuidíonn na scoláireachtaí seo leis na mic léinn táillí an chúrsa a chlúdach, agus ar an taobh eile, is mór a chuidíonn na mic léinn le spreagadh na teanga agus na gníomhaíochta cultúrtha ina gcuid clubanna féin agus iad ag baint leas as na scileanna a thógann siad mar chuid den chúrsa."

Guímid gach rath ar scoláirí na bliana acadúla 2026-2027. Tagann an grúpa nua ó gach cearn den chúige, lena n-áirítear Doire, Tír Eoghain, Muineachán, Aontroim, Ard Mhacha, an Dún agus Dún na nGall. Táimid ag súil go mór leis na tionscadail nuálacha agus éifeachtacha a chuirfeas siad i gcrích sna míonna amach romhainn agus leis an tionchar dearfach a bheidh acu ar chur chun cinn na Gaeilge taobh istigh de phobal CLG Uladh.





Cumann Lúthchleas Gael

SCÓR

GAA

Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair | Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

Tuilleadh eolais:
www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor

GAA

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

GAA
Ag Dul i nGleic le Bulaíocht

Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.

Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar sháruithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.

Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.

CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiníocha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoine agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/ litreacha/graifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasáin nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, físeáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó más gá, déileáil leo.

Ba cheart d'imreoirí, cóitseálaithe agus Clubanna CLG:

- ✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
- ✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti
- ✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint'
- ✓ Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbhulaíochta
- ✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ár gcluichí. Ár rogha.

Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanaí i ngach Club 'éiteas frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloíonn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.

DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:

DÍRITHE An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?

FAD HAn bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?

MINICÍOCHT Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?

CUSPÓIR An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?

Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG



TIG LE BULAÍOCHT TARLÚ

Ó Dhuine Óg go Duine Óg
Dhuine Óg go Duine Fásta
Dhuine Fásta go Duine Óg

Freagraí

P. 11

10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh

1. An Longfort
2. Darragh Beirne
3. Cúig cinn
4. An Mhí
5. Ben O'Connor
6. Ros Comáin
7. Áth Cliath
8. Gaillimh
9. SuperValu Páirc Uí Chaoimh
10. Andy Moran

P. 28

[1]M	C	[2]G	U	I	N	N	E	S	[3]S							
I		A							[4]C	H	Ú	I	S			
C		I							U							
H		[5]L	Ú					[6]C	L	Á	[7]R					
E		L				[8]B			L		E				[9]B	
Á		I			[10]H	E	A	L	Y		I		[11]W		R	
L		M				I					[12]D	O	I	R	E	
		[13]H	E	G	A	R	T	Y					L		N	
						N							L		N	
		[14]C	O	Y	N	E							I		A	
		L									[15]M		A		N	
[16]C	H	I	N								A		M			
		F			[17]L	[18]O	N	G	F	O	R	T				
		F				L					K					
		O				E										
	[19]A	R	D	M	H	A	C	H	A							
		D				R										
					[20]R	Y	A	N								



MÍLE BUÍOCHAS

Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil

don eagrán is deireanaí seo de ‘Cuaille’.





TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN